SW 53

Oifig Achomharc

Leasa Shóisialaigh



Éisteachtaí Achomhairc

1. Cén fáth a mbeadh éisteacht achomhairc ann?

Is féidir éisteacht achomhairc a shocrú má mheasann an tOifigeach Achomhairc go bhfuil gá lena thuilleadh sonraí, chun cinneadh cóir a dhéanamh faoi d'achomharc.

Éistfear le do chás chomh luath agus is féidir ag ionad áitiúil, nó má tá tú i do chónaí i mBaile Átha Cliath, ag Teach D'Olier, Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2. Inseoimid duit faoin am, dáta agus ionad ceart, chomh luath is a bheidh na socruithe déanta. Braithfidh am feithimh na héisteachta ar uimhir na gcásanna atá ag feitheamh ar éisteacht i do cheantar-sa.

Mura bhfuil tuiscint cheart agat ar chinneadh na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh maidir le do chás-sa, ba cheart duit dul i dteagmháil leis an oifig a rinne an cinneadh agus iarradh orthu é a mhíniú, ionas go mbeidh sé ar do chumas do chás a chur in iúl ag an éisteacht.

2. Cé a bhíonn i láthair ag an éisteacht?

Is féidir leis na daoine seo a leanas a bheith i láthair:

- tú féin,
- an tOifigeach Achomhairc,
- daoine eile ar mhaith leis an Oifigeach Achomhairc éisteacht leo, agus
- Measúnóirí. **féach ar an nóta i gCuid 7.**

Déanaimid gach iarracht an éisteacht a choinneáil chomh neamhfhoirmiúil agus is féidir.

Nóta:

Ní oiriúnach an áit í éisteacht achomhairc le haghaidh leanaí, mar sin b'fhearr gan iad a thabhairt leat le do thoil, más féidir.

3. An gá go mbeadh dlíodóir liom?

Ní gá. Is féidir leat do chás féin a chur in iúl, más maith leat. Go deimhin, tá córas na n-achomharc leasa shóisialaigh arna dhearadh ionas gur féidir leat do chás féin a chur faoi bhráid an Oifigigh Achomhairc.

Más fearr leat, d'fhéadfá ionadaí a thabhairt leat, mar shampla, oibrí pobail nó oifigeach ceardchumainn, le cabhrú leat do chás a chur in iúl nó le tacaíocht a chur ar fáil duit.

Nó d'fhéadfá dlíodóir a fhostú. Ach is gá duit na costais dhlíthiúla a íoc tú féin.

4. An féidir liom speansais a éileamh?

Is féidir speansais taistil réasúnta a éileamh, nuair a bhaineann siad le freastal ar an gcás. Is féidir leat cúiteamh a fháil chomh maith, i leith tuilleamh caillte, má bhí ort lá saor a fháil ó obair le freastal ar an gcás.

Anuas air sin, is féidir leis an Oifigeach Achomhairc cúiteamh a bhronnadh ar ionadaí, amhail dlíodóir, má thugann tú duine acu leat go dtí an éisteacht. Ach bíonn an cúiteamh seo faoi shrian na bhfíor-speansas a bhaineann le freastal ar an éisteacht.

5. Céard a tharlaíonn ag an éisteacht?

Tosóidh an tOifigeach Achomhairc an éisteacht tríd na daoine atá ann a chur i láthair. Déarfar leat chomh maith má glaodh ar dhaoine eile fianaise a chur i láthair. Ansin déanfaidh an tOifigeach Achomhairc cur síos ar an gcinneadh atá i gceist, an cás atá á chur in iúl agatsa i d'achomharc agus freagra na Roinne.

Má tá finnéithe ann, cuirfear fios orthu chun fianaise a chur i láthair. Beidh gach deis agatsa do chás a chur in iúl agus chun ceisteanna a chur faoi fhianaise na bhfinnéithe. Má tá ionadaí agat, d'fhéadfadh sé/sí an méid seo a dhéanamh ar do shon.

6. Cathain a inseofar cinneadh an Oifigigh Achomhairc dom?

Ní dhéanann an tOifigeach Achomhairc cinneadh ag an éisteacht féin. Inseofar an cinneadh duit níos déanaí, i scríbhinn, taobh istigh de thrí nó ceithre seachtaine de ghnáth, má bhí éisteacht ar siúl. Mura n-éiríonn le d'achomharc, inseoidh an tOifigeach Achomhairc duit cén fáth.

7. An cinneadh deiridh é cinneadh an Oifigigh Achomhairc?

Is gnách gur cinneadh deiridh a bhíonn i gceist. Ach d'fhéadfaí é a athrú:

- mar gheall ar fhianaise nua, nó
- má dhéanann an tOifigeach Achomhairc botún maidir leis an dlí nó fíricí do cháis.

Is féidir leat achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh, chuig an Ard-Chúirt. Ach is gá é a dhéanamh ar phointe dlí amháin.

Measúnóirí
Má bhaineann d'achomharc le dífhostaíocht, d'fhéadfadh Measúnóir nó dhó a bheith in éineacht leis an Oifigeach Achomhairc ag an éisteacht. Tá saineolas ag na daoine seo ar choinníollacha fostaíochta sa réimse seo agus bíonn siad á n-ainmniú ag eagraíochtaí áitiúla na bhfostóirí agus na bhfostaithe. D'fhéadfadh an chomhairle a chuirfidís ar fáil a bheith ina cabhair don Oifigeach Achomhairc, ach is é an tOifigeach Achomhairc a dhéanann an cinneadh féin faoi do chás-sa.

Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Má tá a thuilleadh eolais uait, téigh i dteagmháil le:

An Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh
Teach D'Olier
Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
Guthán: Íosghlao 1890 74 74 34
Facs: (01) 6718391
Ríomhphost: swappeals@welfare.ie
Suíomh Gréasáin: www.socialwelfareappeals.ie



OIFIG ACHOMHARC Leasa Shóisialaigh

30K11-07

Eagrán: Eanáir 2007